# DUILLEOG

Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 8 Eagrán Speisialta 2009

# MÓR-GHRADAM NÁISIÚNTA
# GLÓR NA nGAEL 2008



Seamus Mac Géidigh - Raidió na Gaeltachta, Nora Welby & Lorcan Mac Gabhann - Glór na nGael, Máire Mhic Niallais, Brídín Ní Mhaoldomhnaigh & Pádraig Ó Domhnaill - Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair, Seán Bán Breathnach, Raidió na Gaeltachta.

## Glór na nGael 2008



Mór-Ghradam Náisiúnta



**Buaiteoir 2008**

**Gaoth Dobhair**

**Duais €50,000**

(Urraithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta)

Trófaí Ghlór na nGael (Urraithe ag Foras na Gaeilge)

Fógraithe ar Raidió na Gaeltachta ar chlár

S.B.B. 30 Eanáir 2009

**Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair**

## Fáilte

Cuireann Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Céad Míle Fáilte roimh mhuintir Ghlór na nGael as gach cearn den tír agus ó thar lear a bhéas ag teacht go Gaoth Dobhair don Bhronnadh Náisiúnta Duaiseanna an Satharn 28/03/09.

Cuireann muid fáilte chomh maith roimh na haoíanna agus na maithe móra eile uilig a bhéas an-seo mar chuid den ócáid mhór cheiliúrtha seo ar Ghlór na nGael 2008. Tá súil againn go mbainfidh sibh uilig sult agus tairbhe as bhur gcuairt ar Ghaoth Dobhair.



## Preas ráiteas – embargo go dtí 10.00 30 Eanáir 2009

Tá Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair iontach sásta agus bródúil go bhfuil Mór Dhuais Náisiúnta Ghlór na nGael 2008 buaite ag Gaoth Dobhair i mbliana.

Is fada Gaoth Dobhair ag bualadh ar an doras seo ó cuireadh tús le comórtas Ghlór na nGael in 1961. Ní dúinne amháin sa Chomharchumann atá an t-aitheantas seo ag dul ach don phobal mór amuigh ansin a thugann tacaíocht dúinn agus a sheas i gcónaí leis an Ghaeilge anseo sa phobal.

Ainneoin sin tá moladh mór ag dul don Chomharchumann féin as a nduthracht ó bunaíodh an Comharchumann scór bliain ó shoin. Tá moladh mór ag dul do na dreamanna uilig sa phobal a bhfuil na haidhmeanna céanna acu ó thaobh caomhnú na teanga, ina measc sin tá Acadamh na h-Ollscolaíochta Gaeilge, Pobalscoil Ghaoth Dobhair, na bunscoileanna, na naíonraí, na tithe pobail, agus na heagraisí pobail.

Tá moladh mór tuillte ag Údarás na Gaeltachta agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta as an tacaíocht a thugann siad do na pobail Ghaeltachta, ar mhaithe leis an Ghaeilge agus a ndúchas Gaeltachta a chaomhnú agus a neartú.

Ar ócáid mar seo, níor choir dúinne dearmad a dhéanamh do na daoine a chuaigh romhainn as a n-dílseacht agus dúthracht don teanga i rith a saoil, rud a chinntigh go bhfuil an Ghaeilge láidir i nGaoth Dobhair inniu.

Is ócáid mhór cheiliúrtha don phobal é seo agus tá ár mbuíochas ag dul do Fheidhmeannaigh Ghlór na nGael agus do na Moltóirí as an aitheantas seo

tré Mhór Ghradam Ghlór na nGael 2008 a bhronnadh orainn.

Ní neart go cur le chéile.

Foireann agus Coiste
Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

# An Béal Binn

### Comórtas Aithris-eoireachta do naíonraí, bunscoltacha agus méans-coltacha

## Dé Sathairn 4 Aibreán 2009, 2.00

## An Chraobh

## Oíche Dé Sathairn, 7.30

### i bPobalscoil Ghaoth Dobhair

Iarrataisí chuig :
Noel Ó Gallchóir nó
Síle Mhic Aoidh



# Duaiseanna Ghlór na nGael atá buaite ag Gaoth Dobhair

| | |
|---|---|
| **2008** | Mór-Ghradam Náisiúnta Leibhéal 4 - 1ú áit - €50,000 |
| **2007** | Mór Ghradam Náisiúnta Leibhéal 4 - 3ú áit - €7,500 |
| **2006** | Leibhéal 3 – 2ú áit - €1,500 & Duais Chomhairle Chontae Dhún na nGall - €1,500 |
| **2003** | An Ghaeltacht Leibhéal 2 – 2ú áit - €900 |
| **2002** | Duais Óige - €700 |
| **1996** | Duaiseanna Cúige - £1,000 |
| **1993** | Teastas |
| **1992** | Teastas+ |
| **1991** | Duais na Moltóirí £200 |
| **1989** | Roinn F (Pobal Gaeltachta – Údarás na Gaeltachta) 2ú Duais £600 |
| **1988** | Roinn F (Údarás na Gaeltachta) Teastas |
| | Duais Forbairt £200 |
| **1985** | Duais na Moltóirí - £100 |
| | Roinn F Pobal Gaeltachta Teastas |
| **1984** | Roinn F – 1ú Duais £300 |
| **1983** | Roinn F—3ú Duais £800 |
| **1982** | Roinn F 1ú Duais £300 |
| | Duais Uí Chadhain £500 |
| | Duais Údarás na Gaeltachta £200 |
| **1981** | Roinn F – 3ú Duais |




Ceiliúradh 20 bliain an Chomharchumainn



An óige agus an aois le chéile

Ar cúl: Emma Ní Fhíoruisce, Antoin Blair

Tosach: Megan Nic Giolla Chomhaill, Brídín Ní Mha-oldomhnaigh, , Mary Hudí Shiobhana Ní Cholla, 102 bl, Alan-nah Ní Dhugáin




## Clár Dheireadh na Seachtaine

**Dé hAoine 27ú Márta**

*Ionad: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair*

**8.00 i.n.** Oscailt Éigse Uladh - le Antoin Delap

**8.15 i.n.** Caint na hÉigse - « Daichead Bliain na hÉigse » le Noel Ó Gallchóir, Príomhoide, Pobalscoil Ghaoth Dobhair

**9.30 i.n.** Suipéar & Ceol

**Dé Sathairn 28ú Márta**

*Ionad: An Chrannóg*

**1.00 i.n. - 5.00 i.n.** Taispeántas d'obair Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair (atá ag ceiliúradh 20 bliain a bhunaithe) agus Taispeántas Éigse Uladh (atá ag ceiliúradh 40 bliain a bunaithe).

*Ionad: Óstán Ghaoth Dobhair*

**6.00 i.n.** Fáiltiú fíona urraithe ag Ambasáid Cheanada in Éirinn in onóir bhuaiteoirí an Chomórtais Global Gaeilge, Cumann na Gaeltachta, Ceanada.

**7.00 i.n.** Bronnadh Trófaí & Duaiseanna Ghlór na nGael & Béil

**9.00 i.n.** Seó Stáitse - Cór Thaobh a' Leithid, Ceol & Seó Aonair Ceol/Ceiliúradh le ceoltoirí na háite & cuairteoirí

**Dé Domhnaigh 29ú Márta**

**11.30 r.n.** Aifreann ó Shéipéal Mhuire, Na Doirí Beaga, á chraoladh beo ag Raidió na Gaeltachta

# DAICHEAD BLIAIN D'
# ÉIGSE ULADH
## GAOTH DOBHAIR
## 27-29 MÁRTA 2009

1970 Traidisiún Liteartha Uladh 1971 An Béaloideas 1972 Seosamh Mac Grianna 1973 Ceol na hÉireann 1974 Saíocht na Sean in Ultaibh 1975 Dearthóireacht in Éirinn 1976 Éire agus Alba 1977 Iriseoireacht na Gaeilge 1978 An Chomharchumannachas in Éirinn 1979 Scríbhneoirí Thír Chonaill an Chéid seo 1980 Dhá chéad bliain de cheolta Uladh 1981 Tionchar an Bhéaloidis ar Litríocht Chúige Uladh 1982 Dinnseanchas, Seanchas agus Ceol i gCúige Uladh 1983 An Greann i dTraidisiúin Uladh 1984 Cineál Chonaill agus na Dálaigh 1985 Saol agus Seanchas na nOileán 1986 An Fhilíocht i gCúige Uladh 1987 Scríbhinní 'Mháire' agus Ceolta Sheáin Bháin 1988 An Pholaitíocht i Litríocht Chúige Uladh 1989 An Canónach Séamus 'ac Pháidín 1990 Tionóil Teilifíse Uladh 1991 Bás nó Beatha na dTeangacha Ceilteacha san Eoraip 1992 Na Coláistí Gaeilge - a dtionchar agus a dtairbhe 1993 Céad Bliain de Chonradh na Gaeilge 1994 Dúchas Ceoil ár Muintire i dtaisce sa Ghaeltacht 1995 Gaeltacht Thír Chonaill - Cuisle Beatha ag Ultaigh 1996 An Gorta Mór i nGaeltacht Thír Chonaill 1997 Seán Bán Mac Grianna 1998 An Ghaeltacht agus Rialtas Áitiuil 1999 Éire agus Alba - ár nOidhreacht Choiteann 2000 Cén treo a rachaidh an Ghaeltacht sa Mhílaois Úr? 2001 Amuigh ar an Lagán 2002 Éire agus Alba - Tionchar na hImirce 2003 Aisteoirí Ghaoth Dobhair 2004 Tionchar na Meáin Ghaeilge ar an Teanga 2005 Pleanáil Teanga sa Phobal 2006 Pleanáil agus Forbairt sa Ghaeltacht 2007 Imeacht na nIarlaí 2008 Ginealas agus ár Sinsear


## LÉACHTAÍ, DÍOSPÓIREACHT, CEOL AGUS CRAIC

**Eolas: 074 9531008 nó 075 9532208**

Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Údarás na Gaeltachta

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



ACADAMH na hOllscolaíochta Gaeilge

**Ba mhaith le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge comhghairdeas a dhéanamh le Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair as an chéad áit a bhaint i gcomórtas Ghlór na nGael 2008.**

**Guíonn muid gach rath agus bláth ar bhur gcuid oibre san am atá amach romhainn.**

Údarás na Gaeltachta

Tréaslaíonn Údarás na Gaeltachta le Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Teo. ar éirigh leo an phríomh dhuais i gcomórtas náisiúnta Ghlór na nGael 2008 a bhaint.

Is é seo an chéad uair ar éirigh le coiste pobal bhunaithe tuaithe in aon áit i gCúige Uladh an duais iontach seo a bhaint agus is cúis mór bróid dúinn uilig i réigiún Gaeltachta Thír Chonaill gur go Gaoth Dobhair a bheidh sé ag teacht i mbliana.

Tá sé tráthúil go bhfuil an phríomh dhuais gur fiú €50,000 í bainte ag an Comharchumann ag tráth a bhfuil scór bliain a mbunaithe á cheiliúradh acu.

Is eiseamláir iontach é an Comharchumann de struchtúr pobal bhunaithe a úsáideann an Ghaeilge go nádúrtha ina réimsí éagsúla oibre ar bhonn laethúil leis an phobal agus le heagrais stáit.


Tá sár-obair á dhéanamh ag an Chomharchumann i saibhriú saol óige an cheantair i réimsí an chultúir Ghaelaigh trí ranganna agus cúrsaí ceol uirlise á sholáthar dóibh i bhfoirgnimh an Chomharchumainn. Cuirtear réimse breá de chúrsaí Gaeilge agus trí Ghaeilge ar fáil do dhaoine fásta na paróiste, cúrsaí Teastas Eorpach na Gaeilge san áireamh. Cuirtear réimse breá de sheirbhísí ar fáil do phobal an cheantair sna h-ionaid fiontair atá curtha ar fáil ag an Chomharchumann do ghnóthaí áitiúla. Lena chois sin tá bailiúchán luachmhar d'acmhainní staire agus béaloidis ar fáil i bhfoirgneamh an Chomharchumainn, bailiúchán a bheadh ina ábhar mórtais agus bróid ag aon phobal tuaithe sa Ghaeltacht.

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Ba mhaith leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta tréaslú le Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair as ucht an mhórghradam atá bainte amach acu i gComórtas Ghlór na nGael 2008.
Is cinnte go bhfuil an duais iontach seo tuillte go rí-mhaith acu de thairbhe na hoibre uilig atá curtha i gcrích acu ar son chaomhnú agus láidriú na Gaeilge i bparóiste Ghaoth Dobhair. Is mór an pléisiúr i gcónaí d'oifig áitiúil na Roinne, a bheith ag comhoibriú ar bhonn leanúnach leis an Chomharchumann agus guíonn an Roinn fadsaoil agus barr buaidhe ar a gcuid saothair.

# Glór na nGael

## Gaoth Dobhair 2009



**SPRIOCRÁITEAS AN CHOMHARHCUMAINN**

***Forbairt an duine, an teaghlaigh agus an phobail trí oideachas, trí oiliúint, trí sheirbhísí, gníomhaíochtaí agus chomhoibriú a fhásann as teanga agus as dúchas na Gaeltachta***

Don chéad uair ariamh ó bunaíodh Comórtas Ghlór na nGael i 1961 tá an Phríomh Dhuais, Gradam Náisiúnta Ghlór na nGael 2008, €50,000 agus Trófaí Ghlór na nGael bainte amach do Pharóiste Ghaoth Dobhair ag an Chomharchumann.

Tá an Comharchumann féin i mbun forbartha sa cheantar ó 1988 agus iad san iomaíocht i gComórtas Ghlór na nGael , agus scór duais bainte amach sa chomórtas le linn an tréimhse sin.

Rinne an Comharchumann ceiliúradh ar scór bliain a bhunaithe ar 30 Eanáir 2009.  Ba é sin an lá céanna ar fógraíodh duaiseanna Ghlór na nGael ar chlár S.B.B. ar Raidió na Gaeltachta.

Tá fáilte mhór curtha ag an Chomharchumann agus ag an phobal roimh an t-aitheantas náisiúnta seo agus an duais fhiúntach airgid.

Maidir leis an fhorbairt a dhéanfar anois mar gheall ar an duais mhór seo tá an Comharchumann i dteagmháil leis na dreamanna seo a leanas maidir le forbairtí ar leith a bheadh acú ó thaobh na Gaeilge de agus a bheadh ag cur le Plean Teanga an Chomharchumainn:-

- Na Naíonraí – 4 cinn
- Na Bunscoltacha – 5 cinn
- Pobalscoil Ghaoth Dobhair
- Amharclann Ghaoth Dobhair
- An Leabharlann áitiúil
- Scoil Cheoil na Crannóige.
- Bord na nÓg C.L.G.
- Na Tithe Pobail – 4 cinn.
- Ionad Lae na n-aosach.
- Cumann Trádála/Lucht Gnó
- Pobal Chnoc Fola – Teach Mhuiris.
- Cuidiú le foilsiú Dlúthdhiosca ceoil do pháistí i gcomhar le Doiminic Mac Giolla Bhríde.
- Forbairt ar imeachtaí an Chomharchumann féin, rang comhrá, rang iar scoile leachtaí, ord a chur ar ábhar sa seomra staire.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine

# Lá Fhéile Pádraig










Ba mhaith le Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair i gcomhar le Cumann Tráchtála & Tionscail Ghaoth Dobhair a mbuíochas a chur in iúl do na daoine a thug urraíocht, agus a ghlac páirt in Paráid na Féile Pádraig i mbliana. Buíochas speisialta do bhannaí ceoil Dhobhair, Mhullach Dubh, agus dhá bhanna ó Rann na Feirste. I mbun ceoil ar an ardán ar an lá bhí grúpa ceoil na Crannóige An Crann Óg. Ba é Simon Mac Giolla Easbaig as Srath na Corcra a bhí ina Fhear a Tí. Bhí an lá maith an ghrian ag soilsiú agus bhí achan duine ábalta a bheith amuigh don Pharáid. Bhí feachtas bailiúchán airgid eagraithe ag an Chomharchumann tré balúin a dhíol ar mhaithe le Ionad Lae Ghaoth Dobhair. Tógadh €2700 in iomlán. D'éirigh go maith leis an lá agus tá buíochas mór ag dul do achan duine a chuidigh agus a ghlac páirt.